

❁ An Lúibín ❁

23 Deireadh Fómhair 2024

Éigeantas teanga

Is it worth insisting that students learn languages? In Australia (a migrant country of many tongues) languages are not taught efficiently. It is often forgotten, as in the case of Irish, that the key to successful learning is motivation, not always easy to create.

Is gnách le lucht intleachta agus cabaireachta (i saol an Bhéarla ar aon nós) a chur in iúl gur cóir do gach dalta scoile teanga eile a fhóghlaim. Fógraíonn siad go dtugann teanga léargas iontach ar dhúchas eile agus ar éagsúlacht an tsaoil, agus go ndéanann sí an tsamhlaíocht a leathnú. Toisc gur den chríonnacht é lucht gnó agus polaitíochta a mhealladh, déanann siad aird a tharraingt ar a úsáidí atá teangacha eile i gcúrsaí gnó, taidhleoireachta agus múinteoireachta. Ansin déanann siad an drochbhair atá ar theagasc teangacha a chaoineadh agus a cháineadh.

San Astráil, tír dhúchais *An Lúibín*, tá na mílte duine ag labhairt teangacha nach Béarla iad sa bhaile: 21% den daonra. Sínis, Arabais, Vítneamais, Gréigis, Iodáilis agus timpeall 300 teanga eile atá i gceist, ach, mar a deir na bolscairí teanga, ní hionann sin is teangacha a mhúineadh le héifeacht sna scoileanna.

Is fiú aird a thabhairt ar an Astráil sna cúrsaí seo: tír a fháiltíonn roimh eachtrannaigh agus atá ilteangach dá bharr ach nach bhfuil a rian sin ar an gcóras scolaíochta, d'ainneoin an tráchta a dhéantar ar an iolchultúrachas. Seapáinis, Gearmáinis, Francis, Iodáilis, Iodáilis agus Sínis na teangacha is mó a bhfuil éileamh orthu sna scoileanna, ach is beag dalta a dhéanann staidéar ar theanga iasachta i mblianta deireanacha na scoile. Fágann scoileanna teanga ar lár mura féidir leo múinteoir a fháil, agus cuirtear teanga eile ina háit ach múinteoir cuí a bheith ann, rud a chuireann isteach ar an leanúnachas. Is cuma má tá daltaí ann arbh fhearr leo an chéad teanga a fhoghlaim. Ina theannta sin, tá doichead ar scoileanna roimh ranga beaga teanga atá níos lú ná an íosmhéid oifigiúil. Agus tá fadhbanna eile ann: ganntanas múinteoirí atá oilte ar theangacha agus ganntanas ama chun teangacha a mhúineadh mar is ceart.

Is minic (agus ní hamháin san Astráil é) a éiríonn go seoigh le daltaí sna scrúduithe teanga ach nach bhfuil labhairt na teanga acu dá bharr. Na daltaí a tógadh leis an teanga caithfidh siad cloí le fóireacha cúnga sainiúla an ábhair, rud nach furasta. Chomh maith leis sin, is gá i bhfad níos mó ama a chaitheamh ar theangacha ná mar a chaithfeá ar ábhair eile más mian leat máistreacht éigin a fháil, ach is annamh a admhaítear é sin sa churaclam.

Fiú má tá múinteoir an-mhaith agat, duine a mhúsclaíonn nó a chothaíonn do spéis sa teanga agus a chuireann ar do chumas éirí thar barr leat sa scrúdú, ní bhainfidh tú fíorlíofacht amach mura bhfaighidh tú cleachtadh lasmuigh den rang. Is mór an chabhair, ar ndóigh, deis cainte a bheith agat sa rang féin agus í a bheith mar chuid den teagasc, ach is annamh a dhéantar a leithéid san Astráil nó in Éirinn, cé gur mór an tairbhe an chuid is lú féin den tumadh.

Tá éileamh ag teacht ar theagasc trí theanga eile le roinnt blianta anuas san Eoraip. Is í 'Foghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teangacha' atá i gceist anseo: ábhar áirithe (físic, mar shampla) a fhoghlaim trí theanga iasachta agus teanga iasachta a fhoghlaim trí ábhar a bhfuil suim ag an dalta ann. Ba chóir é sin a dhéanamh agus teanga ar bith a mhúineadh.

Mura bhfuil suim agat i dteanga agus gríosú tréan agat, ní éireoidh leat. Caithfidh sí do chroí a spreagadh. Más teanga éigeantach atá i gceist, ní dócha go meallfaidh sí na daltaí mura bhfuil múinteoir den scoth acu nó spéis acu sa teanga áirithe sin ó thús. Fágann sin gur beag rath atá i ndán don Ghaeilge éigeantach, teanga atá a mhúineadh mar dhualgas idé-eolaíoch agus gan fonn ar fhormhór na ndaltaí a gcuid den teanga a fheabhsú lasmuigh den scoil.

Is féidir a áitiú, mar sin, nach fiú a bheith róchorraithe faoina laghad daltaí a dhéanann staidéar ar theangacha. Is fiú le daltaí Béarla a fhoghlaim mura bhfuil sé acu cheana, ach níl an chluain chéanna i dteangacha eile: ní mór glacadh

leis seo agus a chinntiú, ar a laghad, go bhfuil na teangacha eile sin á múineadh ar an gcaoi is beoga agus is éifeachtaí. Ba mhaith an scéal é, cinnte, dá mbeadh fonn ar gach dalta teanga eile a fhoghlaim, ach ní mar sin atá; dírímis ár n-aird ar an mbeagán a bhfuil an fonn sin orthu i ndáiríre.

I dtaca le Gaeilge de, is dócha nach dtiocfaidh toradh go deo ar an éigeantas mura gcuirfear i bhfad níos mó ama ar fáil leis an teanga a mhúineadh agus, go háirithe, mura mbeidh múinteoirí líofa paiseanta ann. Tá a leithéidí gann, agus beidh choíche. Is mithid (mar a dúramar go minic cheana) athbhreithniú a dhéanamh – an teanga a mhúineadh, mar shampla, trí chomhrá agus trí chluichí sa bhunscoil le cúnaimh múinteoirí sainoilte agus í a dhéanamh roghnach ina dhiaidh sin. Beidh mórán le rá ag cailleacha an uafáis, ach is fearr a bheith ciallmhar.

*<https://www.tandfonline.com/doi/full/10.1080/01434632.2024.2352161#abstract>

*<https://www.sbs.com.au/news/article/australian-students-seem-to-be-losing-interest-in-languages-should-we-all-be-worried/o5arcr12r>

*<https://pursuit.unimelb.edu.au/articles/australia-s-spectacular-failure-in-languages>

*<https://lens.monash.edu/@education/2019/08/29/1376206/languages-education-in-australia-make-it-about-communication#:~:text=to%20building%20fluency.The%20current%20system%2C%20especially%20as%20students%20move%20towards%20senior%20secondary,learned%20the%20narrowly%20prescribed%20content> ‘



Aistriú agus cailleadh

Once colonisation killed languages; now rising seas and forced migration are responsible.

‘Lost for words: fears of ‘catastrophic’ language loss due to rising seas’. Sin teideal ailt le Karen Voss ar *The Guardian* os cionn bliain ó shin.¹ Chuir an píosa sin i gcuimhne dúinn gurb é an díothú atá i ndán faoi dheireadh na haoise seo do leath an 7,000 teanga atá á labhairt faoi láthair. Tá cuid mhaith de na teangacha sin le fáil in oirdheisceart na hÁise agus san Aigéan Ciúin, réigiúin a bhfuil daoine á ndíbirt ag tubaistí aeráide ann.

Déarfá, ar ndóigh, go bhfuil buntuirim áirithe á léiriú anseo, tuairim a d’aontódh Gaeilgeoirí léi. Saibhreas cultúrtha agus eolas sinseartha a bheith fite fuaite fiú sna teangacha is neamhfhorleithne, saibhreas agus eolas a cheilfear go deo ar an saol dá bhfaigheadh na teangacha sin bás. Cuimhnimis, áfach, go bhfuil teangacha á gcailleadh agus á ndearmad leis na mílte bliain, agus go bhfágfaidh teanga chaillte a rian ar an teanga a tháinig ina háit (féach Béarla na hÉireann). Ina theannta sin, is féidir teangacha a athbheochan nó a chaomhnú le tréaniarracht, agus tá buntáistí ag baint leis sin i dtaca le féiniúlacht agus sláinte.

Tá a lán pobail bheaga teanga ina gcónaí ar oileáin agus ar chóstaí a bhfuil anfaí agus éirí farraige ag cur isteach orthu. Tá pobail eile ina gcónaí in áiteanna a bhfuil méadú teasa ag déanamh dochar d’fheirmeoireacht agus d’iascaireacht. Sa dá chás níl de rogha ag daoine ach aistriú go háiteanna eile. Is iomaí teanga a labhraítear sna hOileáin Philipíneacha, san India agus san Indinéis, agus gan ach cúpla céad cainteoir ag cuid acu. Más gá dóibh aistriú is deacair dóibh a dteanga agus a gcuid nósanna a choinneáil beo in áit eile: báitear iad i gcultúr nua.

Ní hí an aeráid amháin is cúis le teanga a chailleadh. Rinne an coilíneachas an-dochar do theangacha Bundúchasacha san Astráil agus i dtíortha eile; milleadh an cultúr agus toirmisceadh úsáid na seanteangacha i scoileanna agus i misin. Ach tá na tubaistí atá ag siúl leis an aeráid ag dul i bhfeidhm ar theangacha a tháinig slán go dtí seo. Tá an brothall ag neartú ó bhliain go bliain i dtuaisceart agus i lár na hAstráile, mar a bhfuil teangacha Bundúchasacha á seachadadh fós ó ghlúin go glúin ach mar a bhfuil éirí na farraige agus géire teasa ag bagairt scaipeadh agus scaradh ar na pobail thraidisiúnta.



Muinteoirí agus an Ghaeilge in Éirinn

Irish-medium schools in decline; a lack of fluent teachers; exemptions from Irish distracting from the real problems.

¹ <https://www.theguardian.com/environment/2023/jan/16/linguists-language-culture-loss-end-of-century-sea-levels-rise>

Tá líon na gcainteoirí Gaeilge in Éirinn ag brath, thar aon ní eile, ar na ndaltaí i scoileanna lán-Ghaeilge, ach tá a líon sin ag dul i laghad. De réir figiúirí a d'fhoilsigh *Tuairisc*, idir 2021-22 agus 2022-23 thit an méid bunscoileanna lán-Ghaeilge ó 252 go dtí 249, cé go raibh caoga coláiste lán-Ghaeilge ann i gcónaí. (Ní dóichí rud ná gur bunscoileanna sa Ghaeltacht is mó a cailleadh agus an teanga ag dul i laige ann.)

Is ait an scéal é sin agus glaoch chomh mór sin ar ghlaoidheachas i gcoitinne. Deir An Foras Pátrúnachta (foras a mhaoirsíonn gaelscoileanna) gur mithid scoileanna lán-Ghaeilge a bhunú in áit breis scoileanna lán-Bhéarla a sholáthar. Ní mór gaelcholáistí go háirithe a bhunú sna ceantair is mó éileamh, d'ainneoin an laghdú atá le teacht ar an daonra scoile. (Is é an laghdú sin is cúis le drogall a bheith ar an Roinn Oideachais scoileanna nua a cheadú.)

Tá conspóid ann i gcónaí faoi mhéadú ar líon na ndaltaí a fuair díolúine ó Ghaeilge a fhoghlaim, ach deir an Roinn Oideachais gur chóir a chur san áireamh breis is 18,000 dalta a tháinig isteach ón Úcráin le trí bliana anuas, mar ceadaíodh os cionn 40% de na díolúintí nua do dhaltaí ón iasacht. Bheadh díolúine ag timpeall 60% díobh siúd nach ndearna scrúdú Gaeilge. Ar éigean is gá a rá nach bhfuil i gceist na ndíolúintí ach foscéal: b'fhearr aithbhreithniú a dhéanamh ar gach gné de theagasc na Gaeilge, idir mhaith agus olc.

Admhaíonn an Roinn nach bhfuil scoileanna lán-Ghaeilge in ann a ndóthain múinteoirí líofa a fháil. Níl muinín ag múinteoirí as a gcuid Gaeilge, cé go bhfuil gach múinteoir bunscoile in ainm is a bheith cáilithe le múineadh trí Ghaeilge. Oscailt súl oifigiúil í seo tar éis neamhshuim a dhéanamh den scéal le blianta fada anuas. Cinnte, tá caighdeán iontrála sa Ghaeilge leagtha amach i gcomhair B.Oid. nó An Máistir Gairmiúil san Oideachas, ach níl scoileanna lán-Ghaeilge ag éileamh go mbeadh an Teastas Gaeilge do Mhúinteoirí Iarbunscoile ag múinteoirí, ar eagla, b'fhéidir, gur beag duine a bheadh le fáil acu dá n-éileoidís é.

Fuair an Roinn moltaí mar a leanas: go gcuirfí cúrsaí ar siúl i nGaeilge ar son forbairt ghairmiúil; go mbeadh a thuilleadh cúrsaí oiliúna ann trí Ghaeilge; go mbeadh teacht arís ar an liúntas breise do mhúinteoirí i scoileanna lán-Ghaeilge.

Is maith an scéal é go bhfuil Diplóma Iarchéime sa Ghaeilge do Mhúinteoirí ann anois. Tá an cúrsa á reáchtáil ag Coláiste na Tríonóide agus Institiúid Oideachais Marino do mhúinteoirí iarbunscoile, agus tá siad in ann clárú chun an Ghaeilge a mhúineadh go dtí leibhéal na hArdteistiméireachta dá bharr. Ach léiríonn sé seo laige na Gaeilge sna coláistí oiliúna, rud a eascraíonn ó laige na Gaeilge sna scoileanna féin.



Eolaíocht

(Buíochas le Nature agus Scientific American)

Ocsaigin dhiamhair

Tá neart ocsaigine ag brúchtadh aníos ó ghrinneall an Aigéin Chiúin, áit a bhfuil an fharraige chomh domhain sin nach féidir fótasintéis a dhéanamh de cheal sholas na gréine. Chuir sé seo iontas ar eolaithe agus ní fios fós cén chúis atá leis. B'fhéidir gur nóidíní – fosuithe mianraí – atá ag déanamh na hocsaigine. Tháinig iontas ar thaighdeoirí agus iad ag tomhas suas le 0.95 voltas ar dhromchla na nóidíní. B'fhéidir go gcatalaíonn na nóidíní scoilteadh an uisce ina ocsaigin agus ina hidrigin, rud nach féidir a dheimhniú ach le trialacha nua.

An sinsear

Bhí an sinsear ba dhéanaí de gach rud beo ina bheatha timpeall ceithre bhiliún bliain ó shin. D'ith sé dé-ocsaíd charbóin agus hidrigin, agus rinne sé aicéatáit a d'fhéadfadh rudaí beo eile a chothú. Tharraing taighdeoirí eolas ar ghéinte agus ar bhitheolaíocht ár sinsir as seanghéinte a bhí cóipeáilte, cailte nó sóite. Is dócha go raibh córas bunúsach imdhíonachta ag ár sinsir, rud a chuirfeadh in iúl go raibh éiceachóras ann a bhí lán de bhitheoga agus de phaitiginí.

Síolrú

Shíltí nach raibh i nginealach an chine dhaonna ach scéal a bhí réasúnta simplí. As an Afraic a tháingamar ar dtús agus bhuaileamar ar aghaidh ar fud an domhain. Ach d'éirigh an scéal níos casta, a bhuíochas sin ar an ngéineolaíocht agus ar an taighde a rinneadh ar sheachnámha. In áit na simplíochta fuaireamar an aimhréidh. Ba ghnách le Homo sapiens idirphóru a dhéanamh le brainsí eile den chine daonna (Néandartálaigh, Deiniseovaigh agus eile), ag malartú géinte agus fiú nósanna.

Is minic a dúradh gur de nádúr an duine daoine eile a chur faoi smacht agus gur thaispeáin scaipeadh an chine dhaonna é sin. Ach is léir anois gurbh fhánaithe ár sinsir, iad ag luí le baill de gach pobal hoiminideach a bhí rompu sular chuir siad chun bóthair arís.

Deir na taighdeoirí nach féidir am áirithe ná áit áirithe a aithint mar ar tháinig Homo sapiens ar an bhfód. Fáisceadh ár leithéidí as idirphóru gan stad.

Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun rianach@optusnet.com.au nó rianach965@gmail.com.

If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to rianach@optusnet.com.au or rianach965@gmail.com.

Diabhalta

Nach é siúd an diabhal
a shíl sí ag tabhairt catsúil air
(mar ba chat í féin
airdeallach is lán d'amhras)
ach an t-olcas atá sa chroí
an diabhal ceart
mar a dúirt sé léi is iad ag ól
i gcúl an tí
is rug sí léi blas na póige
a thug sé di
an blas a bhí riamh
ar a béal

Lóistín

Bhaineamar
an seomra úd amach
an fhuinneog ar oscailt romhainn
is folús an scátháin
is léarscáil crochta ar bhalla
ag léiriú tíre nárbh ann di
scinneadh éan is néalta na spéire
sa ghloine
is mistéir an áidh nó na teire
mistéir an ama nár tháinig fós